

An Bhruiséil, 6 Samhain 2025  
(OR. en)

14901/25

SOC 726  
EMPL 484  
EDUC 415  
JEUN 221  
ECOFIN 1458  
COMPET 1111  
MI 868  
MIGR 406  
DIGIT 219  
ENV 1152  
FISC 300  
SAN 700  
GENDER 194

#### **NÓTA**

---

|        |                                                                                                                                                                                                |
|--------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| ó:     | Ardrúnaíocht na Comhairle                                                                                                                                                                      |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle                                                                                                                                                        |
| Ábhar: | Na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta i ndáil le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas<br>– Formhuiniú |

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta lena dtugtar aghaidh ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas atá le formhuiniú ag an gComhairle (EPSCO) ag an seisiún a bheidh aici an 1 Nollaig 2025.

**Athbhreithniú trípháirteach an Choiste um Chosaint Shóisialta maidir le cur chun feidhme  
an  
Phlean Gníomhaíochta lena dtugtar aghaidh ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna san  
Aontas**

**Príomhtheachtaireachtaí do Chomhairle EPSCO**

**1. RÉAMHRÁ**

**Is dúshlán mór iad ganntanais lucht saothair agus scileanna atá os comhair mhargadh saothair an Aontais, agus tá iarmhairtí diúltacha eacnamaíocha agus sóisialta aige. D’ainneoin laghdú beag ón mbuaicphointe a chonacthas in 2022, tá na ganntanais sin fós ar leibhéal níos airde ná riamh i bhformhór na mBallstát agus tuairiscíonn cuideachtaí de gach méid agus i ngach earnáil iad. Mar a leagadh béim air sa tuarascáil ó Mario Draghi<sup>1</sup>, d’fhéadfadh feabhas a chur ar sholáthar scileanna i measc an lucht saothair cuidiú le hiomaíochas an Aontais a chur chun cinn. Sna conclúidí uaithi an 2 Nollaig 2024 maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas:**

*Acmhainneacht saothair nár baineadh leas aisti a shlógadh san Aontas Eorpach, d’iarr Comhairle an Aontais Eorpaigh ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta ‘leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna agus ar dhúshlán ghaolmhara san Aontas i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, lena n-áirítear trí phlé téamach a dhéanamh, le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, chun comhroinnt eolais agus dea-chleachtas a chur chun cinn i measc na mBallstát maidir le dul i ngleic le ganntanais lucht saothair agus scileanna’.*

---

<sup>1</sup> Tuarascáil Draghi maidir le ‘[Todhchaí iomaíochas na hEorpa](#)’, Meán Fómhair 2024

**Leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna<sup>2</sup>, cuirtear creat beartais cuimsitheach ar fáil chun dul i ngleic leis an dúshlán sin.** Leagtar amach ann na gníomhaíochtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha ba cheart don Aontas, do na Ballstáit agus do na comhpháirtithe sóisialta a dhéanamh i gcúig réimse beartais: daoine faoi ghannionadaíocht a ghníomhachtú i margadh an tsaothair, tacú le scileanna, oiliúint agus oideachas, dálaí oibre a fheabhsú, soghluaisteacht chothrom laistigh den Aontas a fheabhsú, agus tallann a mhealladh ó lasmuigh den Aontas. Maidir le grúpaí faoi ghannionadaíocht a ghníomhachtú, tá ábharthacht mhór ag baint le Moladh 2023 ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirítear cuimsiú gníomhach<sup>3</sup>, arb é is aidhm dó ardleibhéil fostaíochta a shaothrú trí thacaíocht ioncaim leordhóthanach agus rochtain éifeachtach ar sheirbhísí a chur chun cinn agus imeascadh na ndaoine sin atá in ann obair a dhéanamh i margadh an tsaothair a chothú.

**Le Straitéis Cúraim na Eorpa<sup>4</sup> agus leis an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán<sup>5</sup>, bunaítear creat cuimsitheach le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh agus chun tacú le cúramóirí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.** Chun dul i ngleic le ganntanais lucht saothair agus chun tarraingteacht na hearnála a mhéadú, tugtar spreagadh leis an Moladh do na Ballstáit fostaíocht ardcháilíochta agus dálaí oibre cothroma a áirithiú, chomh maith le gairmiúlú an chúraim a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna. Léirítear i dtuarascálacha náisiúnta ar chur chun feidhme<sup>6</sup> gur saincheist shuntasach iad ganntanais lucht saothair san earnáil sin, agus áirítear iontu freisin líon mór beart arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin. Cuireann cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais leis an gCoiste um Idirphlé Sóisialta Earnála maidir le Seirbhísí Sóisialta agus leis an gComhpháirtíocht Scileanna ar Mórscála sa chúram fadtéarmach atá á stiúradh ag na páirtithe leasmhara, agus pacáiste anailíseach<sup>7</sup> mar bhonn taca leis lena soláthraítear faisnéis mhionsonraithe maidir leis na dálaí oibre, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair, in earnáil an chúraim fhadtéarmaigh.

---

<sup>2</sup> [COM \(2024\) 131 final](#). Glacadh an Plean Gníomhaíochta an 20 Márta 2024.

<sup>3</sup> Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirítear cuimsiú gníomhach ([2023/C 41/01](#)).

<sup>4</sup> Foilsíodh [Straitéis Eorpach um Chúram](#) i mí Mheán Fómhair 2022.

<sup>5</sup> Glacadh [an Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán](#) an 8 Nollaig 2022.

<sup>6</sup> Tíolacadh [tuarascálacha náisiúnta ar chur chun feidhme](#) maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle in 2024

<sup>7</sup> Féach [na ceithre thuarascáil a d'fhoilsigh saineolaithe in 2024](#) ina soláthraítear faisnéis mhionsonraithe maidir leis na dálaí oibre, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair, in earnáil an chúraim fhadtéarmaigh.

**Leis an Aontas Sláinte Eorpach<sup>8</sup>, a sheol an Coimisiún Eorpach, neartaítear cumas an Aontais dul i ngleic le dúshláin sláinte atá ag dul i méid.** Tacaíonn sé leis na Ballstáit feabhas a chur ar chórais sláinte chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistean na n-aois, galair neamhtheagmhálacha atá ag dul i méid, claochlú digiteach, agus bagairt a eascraíonn as galair thógálacha. Is príomhionstraim de chuid an Aontais Sláinte Eorpaigh é an clár EU4Health, lena maoinítear tionscadail chun athléimneacht na gcórais sláinte a neartú, borradh a chur faoin nuálaíocht lena dtacaítear leis na Ballstáit maidir le lucht saothair sláinte a phleanáil, coinneáil altraí a fheabhsú agus forbairt scileanna.

**Chun tacú leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna agus chun an cuireadh ón gComhairle a chomhlíonadh, iarradh ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta malartuithe tríthaobhacha a dhéanamh maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna.**

An 11 Aibreán 2025, bhí díospóireacht chothrománach thrípháirteach ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta inar díriodh ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta agus ar ghanntanais lucht saothair in earnáil an chúraim sláinte. Cumhdaíodh dhá phríomhghné sa phlé. Ar an gcéad dul síos, d'fhéach sé ar bhealaí chun tacú le gníomhachtú grúpaí faoi ghannionadaíocht, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach. Bhí an malartú sin bunaithe ar na freagraí ar cheistneoir a scaip an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar chomhpháirtithe sóisialta an 20 Nollaig 2024. Ar an dara dul síos, díriodh sa phlé ar na dúshláin agus ar na freagairtí beartais a bhaineann le ganntanais lucht saothair agus scileanna in earnálacha an chúraim fhadtéarmaigh agus an chúraim sláinte, d'fhonn rochtain ar sheirbhísí agus cáilíocht seirbhísí a fheabhsú. Chuir comhpháirtithe sóisialta ábhartha de chuid an Aontais agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta leis an bplé. Áiríodh orthu sin ionadaithe ó BusinessEurope, SMEunited, SGI Europe, Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann in éineacht le comhpháirtithe sóisialta earnála, ar nós Chónaidhm Fhostóirí Sóisialta na hEorpa agus Chónaidhm Eorpach na gCeardchumann Seirbhíse Poiblí. Thar ceann eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chuir Líonra na hEorpa in aghaidh na Bochtaineachta, Caritas Europe, Líonra Sóisialta na hEorpa, Comhlachas Eorpach na Soláthraithe Seirbhíse do Dhaoine faoi Mhíchumas (EASPD) agus Fóram Eorpach na nOthar a dtuairimí in iúl.

---

<sup>8</sup> Foilsíodh an Teachtaireacht maidir leis an [Aontas Sláinte Eorpach](#) i mí na Bealtaine 2024.

## **2. GNÍOMHACHTÚ DAOINE FAOI GHANNIONADAÍOCHT**

**Bunaithe ar na freagraí ar an gceistneoir, chuir níos mó ná leath de na Ballstáit feabhas ar a gcomhordú le soláthraithe seirbhíse ábhartha, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle<sup>9</sup>.**

I measc bearta eile, bunaíodh tairseacha nó struchtúir ionaid ilfhreastail idir an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta (SPF) agus na húdaráis atá freagrach as sochair a sholáthar, ar nós institiúidí náisiúnta slándála sóisialta agus institiúidí cúnaimh shóisialta. Is é is aidhm do na struchtúir sin feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse do chuardaitheoirí poist agus do dhaoine a bhfuil dúshlán lánpháirtíochta sóisialta agus gairmiúla rompu. I gcásanna eile, chuir an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta feabhas ar a comhar ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta, rud a neartaigh comhpháirtíochtaí le bardais, le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le soláthraithe seirbhíse, ar nós ionaid cúraim sláinte.

**De réir na ranníocaíochtaí a fuarthas, d'éascaigh os cionn aon trian de thíortha an Aontais rochtain ar sheirbhísí cumasúcháin agus seirbhísí bunriachtanacha do thairbhíthe ioncaim íosta.**<sup>10</sup> Neartaigh roinnt Ballstát a scéimeanna tacaíochta sóisialta, le rochtain níos fearr ar dheiseanna oideachais agus oiliúna, gairmthreoir agus comhairleoireacht shóisialta, lena n-áirítear comhairle bhuiséadach chun féichiúnas a chosc. Tá forálacha tugtha isteach ag roinnt Ballstát chun solúbthacht a mhéadú maidir le fostaíocht a chomhcheangal le sochair shóisialta faoi choinníollacha áirithe, agus tá bearta glactha ag Ballstáit eile nó tá bearta á bpleanáil acu chun feabhas a chur ar dhreasachtaí oibre d'fhaighteoirí ioncaim íosta.

## **3. GANNTANAIS LUCHT SAOTHAIR AGUS SCILEANNA IN EARNÁLACHA AN CHÚRAIM FHADTÉARMAIGH AGUS AN CHÚRAIM SLÁINTE**

**Mar gheall ar aosú déimeagrafach, tá acmhainneacht mhór in earnáil an chúraim fhadtéarmaigh poist a chruthú, go háirithe maidir le hoibrithe cúraim phearsanta.** Meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar chúram fadtéarmach san Aontas ó 31.2 milliún duine in 2022 go 37.8 milliún duine faoi 2050. Dá bhrí sin, meastar go dtiocfaidh méadú ar líon na bpost a bhaineann leis an tsláinte, lena n-áirítear gairmithe sláinte agus oibrithe cúraim phearsanta. Tá oibrithe cúraim phearsanta, arb iad os cionn 60 % den lucht saothair cúraim fhadtéarmaigh, ar cheann de na catagóirí a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh na folúntais poist is airde acu.

---

<sup>9</sup> Féach Airteagal 14 den Mholadh ón gComhairle maidir le hIoncam Íosta Leordhóthanach.

<sup>10</sup> Féach Airteagail 11, 12, 13 den Mholadh ón gComhairle maidir le hIoncam Íosta Leordhóthanach.

**Tá na Ballstáit ag streachailt oibrithe cúraim fhadtéarmaigh a mhealladh agus a choinneáil, rud a fhágann go mbíonn folúntais shuntasacha gan líonadh, i gcomhthéacs lucht saothair atá ag dul in aois go tapa.** Eascraíonn na ganntanais thromchúiseacha in earnáil an chúraim sláinte freisin as éileamh ard athsholáthair mar gheall ar dhul in aois an lucht saothair. Faoi láthair, tá 3.2 oibrí cúraim fhadtéarmaigh in aghaidh gach 100 duine atá 65 bliana d'aois, agus tá éagothromaíocht leathan ann ar fud an Aontais, idir 9-10 n-oibrí cúraim fhadtéarmaigh in aghaidh gach 100 duine scothaosta i mbeagán tíortha agus faoi bhun beirt oibrithe i dtuairim is leath de na Ballstáit.

**Is iad leibhéil ísle pá, dálaí oibre deacra, socruithe oibre neamhchaighdeánacha (e.g. amanna oibre neamhrialta, rioscaí sláinte agus sábháilteachta ceirde, strus síceolaíoch etc.) is cúis le tarraingteacht íseal na hearnála, agus riachtanais scileanna atá ag éirí níos casta.** Bíonn leibhéil níos airde struis a bhaineann leis an obair ag oibrithe cúraim fhadtéarmaigh agus bíonn siad neamhchosanta ar an iliomad fachtóirí riosca (i.e. rioscaí matánchnámharlaigh, síceasóisialta, ceimiceacha agus bitheolaíocha). Tá obair pháirtaimseartha ainneonach agus obair shealadach coitianta san earnáil. In éineacht le pá íseal in aghaidh na huaire, is minic a chuireann sé sin oibrithe cúraim fhadtéarmaigh i mbail bochtaineacht lucht oibre. Is minic a bhíonn dálaí oibre an-deacair agus rochtain níos deacra ar chosaint ceart oibrithe agus ar chosaint shóisialta ag cúramóirí tí agus cúramóirí cónaitheacha, ar oibrithe taistil de chuid an Aontais nó tríú tír iad go minic. Tá sé sin ábhartha go háirithe dóibh siúd a dhéanann obair chúraim neamhdhearbhaithe.

**Le tuairisciú ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán, cuireann beagnach gach Ballstát raon leathan gníomhaíochtaí ábhartha i dtábhacht.** Áirítear orthu sin bearta chun aitheantas sóisialta na ngairmeacha sin a fheabhsú agus níos mó daoine a mhealladh trí fheabhas a chur ar na dálaí oibre, mar shampla trí mhéaduithe pá, bearta sláinte agus sábháilteachta ceirde, oiliúint agus uas-sciliú a chur ar fáil, aitheantas cáilíochtaí eachtracha, bearta cothromaíochta oibre is saoil a shimpliú nó próifilí poist breise a chruthú.

**Tá ganntanas ann i measc lucht saothair sláinte na hEorpa freisin mar gheall ar go leor tosca éagsúla.** Áirítear orthu sin saincheistanna struchtúracha (lucht saothair atá ag dul in aois), dáileadh críochach míchothrom gairmithe, ualaí oibre atá ag dul i méid, strus, deiseanna teoranta le haghaidh forbairt ghairmiúil, pá íseal, agus dálaí oibre dúshlánacha. I dtuarascáil 2024 dar teideal ‘Health at a Glance Europe’<sup>11</sup>, arna comhléiriú ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, bhí caibidil a dhírigh ar mhionanailís a dhéanamh ar na dúshláin atá roimh lucht saothair sláinte san Aontas Eorpach. Meastar sa tuarascáil go bhfuil ganntanas 1.2 milliún dochtúir, altra agus cnáimhseach ann in 2022. Thuairiscigh fiche tír de chuid an Aontais go raibh ganntanas dochtúirí ann in 2022 agus 2023, agus thuairiscigh 15 thír go raibh ganntanas altraí ann.

**Na dúshláin dhéimeagrafacha a bhaineann le daonra atá ag dul in aois, rud a chuireann leis an éileamh ar sheirbhísí sláinte, agus lucht saothair sláinte atá ag dul in aois, rud a chuireann leis an ngá atá le hoibrithe sláinte atá ann faoi láthair a ionadú agus iad ag dul ar scor, is iad na dúshláin sin is mó a spreagann an t-easnamh sin.** Tá os cionn aon trian de dhochtúirí agus an ceathrú cuid d’altraí san Aontas os cionn 55 bliana d’aois agus táthar ag súil go rachaidh siad ar scor sna blianta amach romhainn, rud a chuirfidh leis an nganntanas lucht saothair san earnáil. Ina theannta sin, cuireann ganntanais oibrithe sláinte le hualach oibre méadaithe agus le brúnna ar an bhfoireann atá fágtha, agus dá bhrí sin an brú ard poist san earnáil.

**Fuarthas amach in Athbhreithniú Bliantúil ar Fhostaíocht agus ar Fhorbairtí Sóisialta san Eoraip 2023<sup>12</sup> go mbraitheann 61 % d’altraí agus 43 % de dhochtúirí brú ard poist i gcomparáid leis an meán de 30 % d’oibrithe san Aontas<sup>13</sup>.** Mar thoradh air sin, tá go leor gairmithe cúraim sláinte ag fágáil a bpost níos luaithe ná mar a bheifí ag súil leis nó ag roghnú ról pháirtaimseartha chun cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a bhaint amach. Ag an am céanna, tá laghdú ag teacht ar an spéis atá ag daoine óga i ngairmeacha sláinte, agus tháinig laghdú ar an spéis san altranais i mbreis agus leath de thíortha an Aontais idir 2018 agus 2022. Is dúshlán suntasach é go leor daoine óga a mhealladh chun freastal ar an éileamh atá ag dul i méid.

---

<sup>11</sup> [Health at a Glance](#): Europe 2024: State of Health in the EU Cycle, an 18 Samhain 2024

<sup>12</sup> An Coimisiún Eorpach, Employment and social developments in Europe 2023 [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2023], Athbhreithniú Bliantúil 2023, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023([europa.eu](https://europe.eu))

<sup>13</sup> Tuairiscítear sa Phlean Gníomhaíochta (pointe 3.3, dálaí oibre) freisin ar chuid de na torthaí sin a thagraíonn do Shuirbhé Eurofound 2021 ar Dhálaí Oibre san Eoraip, a deir: ‘*Tuairiscíonn beagnach leath na n- oibrithe sa chúram sláinte, sa chúram cónaithe agus san iompar leibhéil arda strus poist*’.

Tacaíonn an tAontas leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair sláinte trí ionstraimí éagsúla beartais agus cistiúcháin. Mar shampla, tá tionscnaimh á maoiniú ag an gCoimisiún, tríd an gClár EU4Health, chun tacú leis na Ballstáit pleanáil lucht saothair sláinte a chur chun feidhme agus aghaidh a thabhairt ar choinneáil agus ar earcaíocht, go háirithe i gcás altraí.

**Beidh sé ríthábhachtach an meascán scileanna a bharrfheabhsú chomh maith le leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus as an intleacht shaorga, chun táirgiúlacht oibrithe sláinte a mhéadú agus chun a chur ar a gcumas díriú níos mó ar chúram othar.** Tacaíonn an Coimisiún le gníomhaíochtaí scileanna digiteacha atá nasctha leis an gComhshocrú um Scileanna freisin. Éireoidh tionscnaimh fothaithe acmhainneachta agus deiseanna oiliúna níos tábhachtaí ó tharla gur glacadh an Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte le déanaí. Mar bhunchloch den Aontas Sláinte Eorpach, tugtar isteach leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte cur chuige claochlaitheach arb é is aidhm dó leas a bhaint as acmhainneacht an digitithe chun feabhas a chur ar sholáthar cúraim sláinte, ar thaighde, ar nuálaíocht agus ar cheapadh beartas.

#### 4. CONCLÚIDÍ

- Ar an iomlán, dheimhnigh na comhpháirtithe sóisialta agus na Ballstáit ábharthacht agus bailíocht chur chuige an Phlean Gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna, chomh maith lena fhócas sonrach ar ghrúpaí tearcionadaithe agus beartais atá ábhartha d’earnálacha an chúraim fhadtéarmaigh agus an chúraim sláinte a ghníomhachtú. D’iarr na ceardchumann go ndéanfaí cur chuige trípháirteach a phríomhshruthú, go ndéanfaí plé beartais eile freisin, agus béim á leagan acu ar an ról atá acu i margadh an tsaothair.
- **Maidir le cuimsiú gníomhach, deimhníodh an tábhacht a bhaineann le cineálacha cur chuige comhordaithe.** Tá comhar agus comhtháthú éifeachtach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta le soláthraithe seirbhíse (sóisialta) eile ríthábhachtach chun tacaíocht chomhtháite agus phearsantaithe a sholáthar. Tá sé sin i gcoilár chur chuige an chuimsithe ghníomhaigh. Tá an ghníomhachtú ábhartha ní hamháin dá réasúnaíocht eacnamaíoch, ach don chomhtháthú sóisialta freisin agus tá sé ríthábhachtach nach mbeidh sáinn na bochtaineachta mar thoradh ar thacaíocht ioncaim íosta a fháil. Tá gá le seirbhísí tacaíochta le haghaidh fostaíochta agus oiliúint spriocdhírith a chuirtear ar fáil i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta. Ba cheart fostaíocht i bpoist ardcháilíochta, le slándáil ioncaim, a bheith mar thoradh ar aistrithe ón dífhostaíocht agus ón neamhghníomhaíocht, agus éiginnteacht fostaíochta agus bochtaineacht lucht oibre á seachaint ag an am céanna. Tá sé ríthábhachtach steiréitíopaí a chomhrac chun a áirithiú go ngníomhachtófar mná, daoine ó chúlra imirceach, daoine faoi mhíchumas, oibrithe scothaosta agus Romaigh.

- Ní hamháin go bhfuil sé ríthábhachtach don lucht saothair aghaidh a thabhairt ar **ghanntanais sa chúram fadtéarmach agus sa chúram sláinte**, ach tá sé ríthábhachtach freisin chun rochtain leordhóthanach ar na seirbhísí cúraim agus cáilíocht leordhóthanach na seirbhísí sin a áirithiú. Chuige sin, tá gá le pá cothrom agus dálaí oibre cothroma, in éineacht le bearta le haghaidh folláine coirp agus intinne, chomh maith le tacaíocht d’fhorbairt conairí gairme san earnáil. Deimhníodh gur gá daoine óga a mhealladh san earnáil, le hoideachas agus oiliúint tosaigh spriocdhírthe, agus uas-sciliú agus athsciliú leanúnach ábhartha spriocdhírthe á gcoinneáil ar bun ag an am céanna, agus béim mhór á leagan ar scileanna digiteacha don lucht saothair atá ann cheana. Ós rud é go bhfuil an t-altranas an-dian go fisiciúil, ba cheart go mbeadh sé d’aidhm ag beartais, go háirithe sláinte agus sábháilteacht, cur chuige coisctheach a bhaint amach, rud a mhéadódh an baol go mbeadh galar ceirde ann, lena n-áirítear neamhoird mhatánchnámharlaigh agus shíceolaíocha. Tá cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta ríthábhachtach i gcónaí, go háirithe in earnálacha an chúraim sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh, lena n-áirítear bearta a bhaineann le soghluaisteacht laistigh den Aontas agus tallann a mhealladh ó lasmuigh den Aontas.<sup>14</sup>
- **Tá infheistíochtaí fíor-riachtanach, mar aon le pleanáil chúramach** chun nach ndéanfar cistiú a bhrú amach le tosaíochtaí polaitiúla eile. Ba cheart scéimeanna píolótacha beaga a mhéadú agus leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí agus na nuálaíochtaí nua (mar shampla feistí leighis digiteacha agus teileachúram). Tá sé ríthábhachtach príomhghnéithe na gclár reatha a choinneáil, ag tacú le tionscadail chun athléimneacht na gcóras sláinte a neartú i gcomhréir leis na cuspóirí iomaíochais (ag tógáil ar a bhfuil bainte amach ag clár EU4Health) sa chéad chreat maoinithe ilbhliantúil eile.
- Is dúshlán iad **neamhionannais chríochacha maidir le rochtain ar sheirbhísí cúraim** nach mór aghaidh a thabhairt orthu trí bhearta iomchuí, trí chineálacha cur chuige nuálacha agus comhtháite a ghlacadh ar fud na seirbhísí agus na suíomhanna éagsúla cúraim, mar shampla clinicí soghluaiste, teilileigheas, oibriú i bhfoirne ildisciplíneacha de ghairmeacha éagsúla sláinte agus cúraim shóisialta, lena n-áirítear aistriú agus comhroinnt cúraimí, lena mbaineann athdháileadh cúraimí sláinte laistigh den lucht saothair agus de phobail, cúram baile agus cúram pobalbhunaithe a fheabhsú, mar a thuairiscigh roinnt Ballstát.

<sup>14</sup> Féach ranna 3.4 agus 3.5 den Phlean Gníomhaíochta a thagraíonn do ‘Soghluaisteacht chothrom laistigh den Aontas a fheabhsú d’oibrithe agus d’fhoghlaimeoirí’ agus ‘Tallann a mhealladh ó lasmuigh den Aontas Eorpach’

- **Ag féachaint chun cinn, beidh sé ríthábhachtach tuilleadh faireacháin agus meastóireachta a dhéanamh ar bhearta a chuirtear chun feidhme chun cinntí beartais a threorú amach anseo.** Bliain amháin tar éis a ghlactha, tá dul chun cinn maith á dhéanamh maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna. Mar sin féin, tá iarrachtaí breise ríthábhachtach chun dul chun cinn iomlán agus éifeachtach na ngníomhaíochtaí uile a áirithiú, mar aon le tuilleadh oibre chun an bonn fianaise agus an próiseas faireacháin a neartú, lena n-áirítear trí ról a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta. D’fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta freisin agus rannchuidiú, trína saineolas, leis an obair leantach ar an gcur chun feidhme i ngníomhaíochtaí an Choiste um Chosaint Shóisialta. Tá rialachas agus faireachán leordhóthanach ar an bPlean Gníomhaíochta ríthábhachtach, le tacaíocht ó ghníomhaíochtaí foghlama frithpháirtí ábhartha sa Choiste um Chosaint Shóisialta agus ina mheithleacha, laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach.

---